Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16430/25**

**TELECOM 459**
**DIGIT 263**
**COMPET 1300**
**CYBER 366**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15143/1/25 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le hIomaíochas Eorpach sa Deacáid Dhigiteach<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 5 Nollaig 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le hIomaíochas Eorpach sa Deacáid Dhigiteach mar a d'fhormheas an Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) iad ag an cruinniú a bhí aici an 5 Nollaig 2025.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

## IOMAÍOCHAS NA hEORPA SA DEACÁID DHIGITEACH

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Á MHEABHRÚ DI:

- Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear an Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach,
- Dearbhú Eorpach an 23 Eanáir 2023 maidir le Cearta Digiteacha agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití,
- Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2023 maidir leis an 'Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch',
- Tuarascáil Niinistö an 20 Márta 2024 *Safer together: A path towards a fully prepared Union* [Níos sábháilte le chéile: conair i dtreo Aontas lán-ullmhaithe],
- Tuarascáil Letta an 17 Aibreán 2024 *Much more than a market*: *Speed, Security, Solidarity* [Margadh Thar an gCoitiantacht: Luas, Slándáil, Dlúthpháirtíocht],
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 Aibreán 2024 maidir le Comhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa,
- Conclúidí ón gComhairle an 24 Bealtaine 2024 maidir le tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas, dhigiteach agus athléimneach,
- Tuarascáil Draghi an 9 Meán Fómhair 2024 maidir le Todhchaí iomaíochas na hEorpa,
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 dar teideal 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach',
- Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 maidir le hAontas na Scileanna,
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Bunscileanna,
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 maidir leis an bPlean Straitéiseach um Oideachas ETIM: scileanna don iomaíochas agus don nuálaíocht,
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2025 maidir le Plean Gníomhaíochta um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga,
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2025 maidir le Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú — Roghnaigh an Eoraip chun dul i mbun gnó agus méadú,

- Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí an 4 Meitheamh 2025 maidir le Straitéis Dhigiteach Idirnáisiúnta don Aontas Eorpach,
- An Tuarascáil ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2025 dar teideal 'Staid na Deacáide Digití 2025',
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2025 maidir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga,
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 23 Deireadh Fómhair 2025,

AGUS Í AG CUR LEIS NA DOICIMÉID SEO A LEANAS

- Conclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 maidir le todhchaí bheartas digiteach an Aontais,
- Conclúidí ón gComhairle an 6 Nollaig 2024 maidir leis an bPáipéar Bán ón gCoimisiún dar teideal 'Conas is féidir máistreacht a fháil ar riachtanais na hEorpa maidir le bonneagar digiteach?',
- Conclúidí ón gComhairle an 6 Meitheamh 2025 maidir le nascacht iontaofa athléimneach,
- Conclúidí ón gComhairle an 21 Samhain 2025 maidir le straitéis dhigiteach idirnáisiúnta a chur chun cinn.

## I. Iomaíochas na hEorpa a neartú leis an Deacáid Dhigiteach mar chompás straitéiseach le haghaidh claochlú digiteach ceannasach

1. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur príomhchuspóir straitéiseach é iomaíochas digiteach domhanda an Aontais a neartú agus cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais á gcosaint ag an am céanna, rud atá ríthábhachtach chun an nuálaíocht, an táirgiúlacht, an leas agus an rathúnas, an fás inbhuanaithe agus an tslándáil eacnamaíoch a chothú ar fud an Aontais.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE agus is cúis imní di go léirítear i dtuarascáil 2025 ar Staid na Deacáide Digití agus sna measúnuithe tíre nach bhfuil an tAontas ar an mbóthar ceart chun a spriocanna uile do 2030 a bhaint amach ina n-iomláine, go háirithe i réimsí atá ríthábhachtach don iomaíochas digiteach mar shampla glacadh na hintleachta saorga, digiteáil na FBManna agus scileanna digiteacha. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé tionscnaimh agus iarrachtaí a bhrostú agus a ailíniú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin, agus BÉIM Á LEAGAN AICI ag an am céanna ar a thábhachtaí atá sé imthosca náisiúnta agus geopholaitiúla a chur san áireamh, agus timpeallachtaí teicneolaíochta athraitheacha a chur san áireamh.

3. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfeidhmíonn Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach (CBDD) mar chompás straitéiseach an Aontais chun claochlú digiteach na hEorpa a chur chun cinn agus infheistíocht a dhéanamh ann, chun a ceannasacht dhigiteach na hEorpa a threisiú ar bhealach oscailte, chun a héiceachóras digiteach oscailte féin a neartú agus chun iomaíochas digiteach fadtéarmach a fhorbairt.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé uaillmhian agus comhleanúnachas CBDD a choinneáil, agus é á thabhairt cothrom le dáta ag an am céanna ar bhealach spriocdhírithe fianaisebhunaithe chun a ábharthacht agus a éifeachtacht leanúnach a áirithiú.

5. Ag féachaint chun cinn ar an athbhreithniú a dhéanfar in 2026 ar CBDD, MOLANN SÍ don Choimisiún an deis seo a thapú chun iomaíochas digiteach agus ceannasacht dhigiteach an Aontais a threisiú, i gcomhar leis na Ballstáit, ar bhealach inbhuanaithe cuimsitheach, agus ar an gcaoi sin cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais a chosaint.

6. AITHNÍONN SÍ gur cheart tacú le baint amach spriocanna na Deacáide Digití trí úsáid éifeachtach, chomhordaithe agus straitéiseach a bhaint as beartais agus cláir ábhartha de chuid an Aontais, mar a léirítear leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann cheana, lena n-áirítear, *inter alia*, an Beartas Comhtháthaithe, an clár Fís Eorpach agus an clár don Eoraip Dhigiteach, agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa – an Clár Oibre Digiteach (SCE Digiteach).

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról tábhachtach atá ag an gclaochlú digiteach, lena n-áirítear an Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, sa togra ón gCoimisiún an 16 Iúil 2025 le haghaidh CAI tar éis 2027, go háirithe tríd an gCiste Eorpach um Iomaíochas atá beartaithe agus trí na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

## II. Digitiú, sonraí agus an intleacht shaorga - príomhnithe leis an iomaíochas a spreagadh

8. LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról lárnach atá ag forbairt agus glacadh teicneolaíochtaí digiteacha, scileanna digiteacha agus daoine tréitheacha maidir le hiomaíochas digiteach agus ceannasacht dhigiteach an Aontais a fheabhsú, agus LEAGANN SÍ BÉIM AR a phráinní atá sé acmhainneacht an Aontais a neartú chun na teicneolaíochtaí sin agus a mbonneagar bunúsach a thuiscint, a rochtain, a fhorbairt, a bhainistiú, a chosaint agus a ghlacadh go freagrach.

9. AITHNÍONN SÍ A THÁBHACHTAÍ atá sé a bheith ag cur le láidreachtaí iomaíocha an Aontais agus deireadh a chur leis na bacainní neamhriachtanacha atá fós ann sa mhargadh aonair mar bhonn chun dlús a chur leis an nuálaíocht dhigiteach, leis an bhforbairt dhigiteach agus leis an nglacadh digiteach.

10. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur príomhspreagadh don táirgiúlacht, don nuálaíocht agus do sheirbhísí poiblí agus príobháideacha ar ardchaighdeán ar fud an Aontais í an intleacht shaorga. IS DÍOL SÁSAIMH DI Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga mar mór-threochlár do cheannaireacht IS an Aontais, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Choimisiúin agus na mBallstát éiceachóras nuálaíochta IS na hEorpa a chothú go comhpháirteach lena n-áiritheofar rochtain ar sheirbhísí agus ar réitigh ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí Mhonarchana, Aeróga, Gigeamhonarchana agus Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha IS a fhorbairt agus a chur in úsáid, agus trí dhaoine tréitheacha IS a chothú, a mhealladh agus a choinneáil. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá creat rialála a chur chun feidhme go comhsheasmhach lena dtacaítear leis an nuálaíocht agus leis an inmhéadaitheacht laistigh den mhargadh aonair, agus ardleibhéal cosanta don tsláinte, don tsábháilteacht agus do chearta bunúsacha á choinneáil ag an am céanna, chomh maith le cearta tríú páirtithe a urramú, mar shampla cearta maoine intleachtúla.

11. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil iomaíochas digiteach domhanda, claochlú digiteach agus ceannaireacht IS an Aontais ag brath ar rochtain struchtúrtha ar shonraí ardcháilíochta. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá caighdeáin oscailte, réitigh idir-inoibritheachta agus bogearraí foinse oscailte, agus sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE ábharthacht Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le Sonraí.

## III. Creat rialála éifeachtach, simplithe agus comhordaithe

12. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá creat rialála simplí, soiléir, comhréireach agus intuartha do shochaithe digiteacha agus sonraíbhunaithe chun bacainní, castacht agus costais chomhlíonta neamhriachtanacha a laghdú agus a sheachaint i gcás gnólachtaí, go háirithe FBManna; chun cinnteacht a thabhairt, iomaíocht agus nuálaíocht a chumasú, agus ardleibhéal cosanta a áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear do thomhaltóirí, agus muinín a chothú i dteicneolaíochtaí nua.

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá an Pacáiste Digiteach ón gCoimisiún, agus AITHNÍONN SÍ an uaillmhian atá aige ualaí rialála nach bhfuil gá leo a laghdú, comhleanúnachas a mhéadú agus oiriúnacht *acquis* digiteach an Aontais a áirithiú. GEALLANN SÍ a haird iomlán a thabhairt ar na tograí ón gCoimisiún maidir le simpliú digiteach d'fhonn an cuspóir comhroinnte a bhaint amach go pras maidir le rialáil a shimpliú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear oibleagáidí tuairiscithe, agus riarachán rianúil agus forfheidhmiú éifeachtach a éascú chun margadh aonair iomaíoch a bhaint amach, agus príomhchuspóirí an *acquis* dhigitigh á gcoinneáil ag an am céanna.

14. MOLANN SÍ go mbainfí úsáid chórasach as tástálacha struis ar an *acquis* digiteach agus béim láidir á leagan ar iomaíochas, simpliú, comhleanúnachas agus indéantacht forfheidhmiúcháin. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá measúnuithe tionchair, ceapadh beartas atá réidh don digiteáil agus an úsáid chomhsheasmhach a bhaineann an Coimisiún as measúnuithe idir-inoibritheachta agus as na ráitis dhigiteacha a eascraíonn astu, chun tionchar digiteach a chur in iúl go soiléir agus chun tacú le reachtaíocht nua an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtúla.

15. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur gá rialacha nuaghlactha a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go comhleanúnach chun uaillmhianta digiteacha an Aontais a bhaint amach, lena n-áirítear trí chomhar feabhsaithe agus trí mhalartú dea-chleachtas a dhéanamh idir na Ballstáit agus na geallsealbhóirí ábhartha. IARRANN SÍ go mbeadh idirphlé níos réamhghníomhaí ann idir na húdaráis forfheidhmithe ábhartha agus institiúidí an Aontais, lena n-áirítear trí chineálacha struchtúrtha comhair chun tacú le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach intuartha. Féadfar é sin a bhaint amach trí threoraíocht chomhpháirteach agus trí shainmhínithe, comhlachtaí rialachais agus creataí rialála a ailíniú ar bhealach níos fearr. D'fhéadfaí féidearthachtaí maidir le samhlacha maoirseachta comhroinnte agus uirlisí digiteacha, lena n-áirítear bonneagair náisiúnta idir-inoibritheacha, a fhiosrú freisin i gcás inarb ábhartha, lena mbainfeadh treoir pholaitiúil agus straitéiseach ó na Ballstáit.

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart uirlisí digiteacha, amhail Tiachóga na Céannachta Digití Eorpaí agus na Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa atá ar na bacáin, a bheith dea-dheartha agus gur féidir leo ról lárnach a bheith acu maidir le hiomaíochas an Aontais a neartú trí ualaí riaracháin agus éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú, agus trí fheabhas a chur ar eispéireas na n-úsáideoirí, lena n-áirítear do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart na huirlisí sin a fhorbairt i bhfianaise réitigh dhigiteacha inchomparáide úrscothacha a bhfuil úsáid chruthaithe acu sna Ballstáit agus trí chur chuige atá dírithe ar chásanna úsáide i gcás inar léir go bhfuil gá agus breisluach ann — go háirithe do FBManna — agus gur cheart iad a chur chun feidhme ar bhealach lena n-urramaítear bonneagair dhigiteacha náisiúnta, réitigh dhea-fheidhmiúla agus dea-chleachtais atá ann cheana agus lena n-áirithítear idir-inoibritheacht. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na n-uirlisí digiteacha mar chuid dá iarrachtaí an sprioc a bhaint amach maidir leis an ualach a laghdú 25 % do gach cuideachta agus 35 % do FBManna a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, agus faireachán agus tuairisciú a dhéanamh, i gcás inar féidir, ar a rannchuidiú leis na laghduithe sin.

17. MOLANN SÍ do na Ballstáit glacadh Thiachóga na Céannachta Digití Eorpaí a chur chun feidhme agus a chur chun cinn, lena n-áiritheofar gur féidir le saoránaigh agus cónaitheoirí rochtain a fháil ar sheirbhísí ar bhealach sábháilte, iontaofa, inmhuiníne agus lena gcaomhnaítear an príobháideachas. CUIREANN SÍ I DTREIS a thábhachtaí atá sé cur chuige 'tiachóg mar réamhshocrú' a chur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí agus nuair is iomchuí i reachtaíocht an Aontais amach anseo agus i reachtaíocht an Aontais atá ann cheana, d'fhonn saoránaigh a chumhachtú, réitigh dhigiteacha a chuíchóiriú, ilroinnt a sheachaint, agus idir-inoibritheacht a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ go mbainfí amach go hiomlán acmhainneacht na dTiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa atá ar na bacáin, agus go ndéanfaí úsáid na dtiachóg chomh maith leis an bPas Táirge Digiteach, ríomhshonrascadh agus uirlisí digiteacha eile atá bunaithe cheana féin a phríomhshruthú, chun idirghníomhaíochtaí gnólacht le rialtas agus gnólacht le gnólacht a shimpliú agus a dhigitiú.

18. Thairis sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le measúnú níos simplí, níos trédhearcaí a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna agus chuspóirí digiteacha an Aontais, agus le timthriall tuairiscithe níos straitéisí agus níos spriocdhírithe chun a áirithiú go ndíreofar níos mó ar bhreisluach beartais, agus srianta acmhainní sa Choimisiún agus sna Ballstáit araon á gcur san áireamh ag an am céanna. Go háirithe, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún dúbailt sna ceanglais tuairiscithe a laghdú chomh maith le féachaint an bhféadfaí minicíocht fhoilsiú na dtuarascálacha tíre iomlána a laghdú, lena n-áirítear moltaí, ós rud é go dtógann sé am na héifeachtaí beartais a bhaint amach go minic agus go bhféadfadh siad a bheith ag brath ar shineirgí níos leithne. Níor cheart an faireachán comhsheasmhach ar dhul chun cinn a bheith thíos leis sin.

19. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil sé beartaithe go bhfeidhmeoidh an Bord um an Deacáid Dhigiteach ní hamháin mar fhóram don chomhordú, ach freisin chun ionchur luath agus treoir pholaitiúil a chur ar fáil maidir le beartas digiteach ar leibhéal an Aontais[1]. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit an ról straitéiseach sin a fhorbairt a thuilleadh trí chumas an Bhoird a neartú chun tacú le cur chun feidhme comhleanúnach, comhordú a chothú le comhlachtaí rialachais eile arna mbunú faoin *acquis* digiteach, foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtais a éascú, agus anailís chomhpháirteach agus tástáil struis ar rialáil a chumasú.

[1] Féach Cinneadh C(2022) 7141 ón gCoimisiún.

## IV. Nuálaíocht agus glacadh teicneolaíochtaí digiteacha a chothú

20. AITHNÍONN SÍ go mbraitheann iomaíochas fadtéarmach na hEorpa ar gheilleagar digiteach dinimiciúil atá dírithe ar an nuálaíocht, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, i gcomhréir le Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar chreatchoinníollacha chun teicneolaíochtaí digiteacha inbhuanaithe a fhorbairt, a thástáil, a mhéadú agus a ghlacadh ar fud na n-earnálacha uile.

21. CUIREANN SÍ I dTREIS go n-éilítear leis sin cur chuige réamhbhreathnaitheach atá fréamhaithe i mbarr feabhais taighde, lúfaireacht rialála, rochtain ar chaipiteal agus ar dhaoine tréitheacha, agus bacainní neamhriachtanacha ar thurgnamhaíocht, nuálaíocht, tráchtálú agus fás a bhaint. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá an chonair iomlán 'taighde go margadh' le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha a neartú go héifeachtach agus an uaillmhian sin a léiriú ar bhealach níos cruinne in CBDD.

22. SPREAGANN SÍ comhar leanúnach idir na Ballstáit agus an Coimisiún lena n-áirítear trí thionscadail ilnáisiúnta agus trí acmhainní a chomhthiomsú chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach CBDD.

23. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga ón gCoimisiún agus a cur chuige earnála chun dlús a chur le forbairt, cur in úsáid agus comhtháthú na hIntleachta Saorga iontaofa ar fud na bpríomhearnálacha, na riarachán poiblí agus an phobail eolaíochta. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar dheiseanna do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe, lena n-áirítear trí intuarthacht dhlíthiúil, treoir shoiléir agus bearta tacaíochta spriocdhírithe a áirithiú. AITHNÍONN SÍ na gníomhaíochtaí suaitheanta earnála atá beartaithe chomh maith leis an Tionscnamh um IS Ceannródaíoch agus an t-athbhreithniú ar an gCreat Eorpach Idir-inoibritheachta.

24. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an straitéis um chur i bhfeidhm IS a chur chun feidhme chun glacadh agus comhtháthú na hintleachta saorga a chothú in earnálacha straitéiseacha chun iomaíochas agus ceannasacht dhigiteach an Aontais agus a éiceachórais dhigiteacha oscailte féin a neartú. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit iarrachtaí comhchoiteanna a choinneáil ar bun, agus comhoibriú, malartú dea-chleachtas a éascú, treoirlínte a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise sin tríd an mBord um IS.

## V. An cheannasacht dhigiteach a threisiú ar bhealach oscailte

25. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé ceannasacht dhigiteach agus slándáil eacnamaíoch an Aontais a neartú trí chur chuige straitéiseach comhleanúnach, misniúil, éifeachtach, oscailte, rioscabhunaithe agus fianaisebhunaithe. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go n-éilítear leis sin infheistíochtaí a shlógadh agus spleáchais straitéiseacha a mhaolú, chomh maith le dlúthchomhar a dhéanamh leis an earnáil ghnó, le hinfheisteoirí, le taighdeoirí agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear caipiteal príobháideach agus saineolas príobháideach a shlógadh, chun slabhraí soláthair digiteacha éagsúlaithe, slána, athléimneacha agus iontaofa a áirithiú. AITHNÍONN SÍ gur minic a bhíonn teicneolaíochtaí digiteacha criticiúla, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu, idirspleách ar a chéile agus go dtreisíonn siad a chéile, agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, le cur chuige iomlánaíoch.

26. TACAÍONN SÍ le hacmhainneacht agus ceannaireacht níos fearr a bheith á ndéanamh ag an Aontas maidir le teicneolaíochtaí digiteacha criticiúla a fhorbairt agus a ghlacadh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbraitheann an cheannasacht dhigiteach ar an iomaíochas agus ar an margadh aonair araon, is é sin margadh láidir dea-fheidhmiúil, ina bhfuil iomaíocht chóir éifeachtach, rialacha soiléire atá fabhrach don nuálaíocht agus dálaí creata atá níos fearr don fhás. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbraitheann sé sin ar chomhar, trádáil agus infheistíocht dhomhanda straitéiseach oscailte chun oscailteacht agus slabhraí soláthair digiteacha éagsúlaithe, slána, athléimneacha agus iontaofa a áirithiú, trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta treisithe agus trí dhlúthchomhar a dhéanamh le tíortha comhpháirtíochta iontaofa agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta maidir leis an nuálaíocht dhigiteach agus an rialachas digiteach. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá comhthuiscint ar bhunphrionsabail na ceannasachta digití agus ar na himpleachtaí atá aici ar an iomaíochas.

27. MEASANN SÍ go bhféadfaí an cur chuige cothrom oscailte sin maidir le ceannasacht dhigiteach a chomhtháthú san athbhreithniú ar CBDD. Chuige sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas a léiriú in CBDD (agus aird ar leith á tabhairt ar phríomhréimsí digiteacha mar shampla leathsheoltóirí, an teicneolaíocht chandamach, an néalríomhaireacht, IS, an chibearshlándáil agus an nascacht):

    i. forbairt na n-acmhainneachtaí bonneagair dhigitigh chriticiúil san Aontas, agus an rochtain orthu, a éascú,

    ii. trédhearcacht, idir-inoibritheacht agus iomaíocht a fheabhsú, agus gaibhniú díoltóirí agus spleáchas ar sholáthraithe aonair á laghdú ag an am céanna, lena n-áirítear trí chaighdeáin oscailte, agus réitigh foinse oscailte agus idir-inoibritheacha,

iii. rochtain ar ardscileanna digiteacha agus glacadh na n-ardscileanna sin a neartú, go háirithe i gcás na mban, chun díorma éagsúil de dhaoine tréitheacha a chruthú agus a choinneáil san Aontas chun príomhtheicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt, a chur in úsáid agus leas a bhaint astu,

iv. tacú le taighde, nuálaíocht, forbairt agus cur in úsáid chun an t-éileamh ar sholáthróirí an Aontais agus an sciar den mhargadh atá acu a mhéadú, agus ar an gcaoi sin spleáchais straitéiseacha a laghdú, lena n-áirítear trí úsáid spriocdhírithe a bhaint as soláthar poiblí i gcás inarb iomchuí.

CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfadh an t-athbhreithniú deis a chur ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar dhearadh agus ar chur chun feidhme Cuibhreannais don Bhonneagar Digiteach Eorpach chun tacú leis na gnéithe thuasluaite.

28. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gcuireann teicneolaíochtaí digiteacha inbhuanaithe agus bonneagar digiteach inbhuanaithe lenár ngníomhú ar son na haeráide agus feabhas ag an am céanna ar ár n-athléimneacht trí éifeachtúlacht fuinnimh, uisce agus acmhainní, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sprioc a bhaineann le haistriú digiteach níos glaise a chur isteach agus imscaradh teicneolaíochtaí nuálacha inbhuanaithe a dhreasú chun tairbhe an ghníomhaithe ar son na haeráide san athbhreithniú ar CBDD.

29. TÁ SÍ AG SÚIL LE togra maidir le Gníomh an Aontais um Fhorbairt na Néalríomhaireachta agus na hIntleachta Saorga atá ar na bacáin, a d'fhéadfadh a bheith ina phríomhthionscnamh chun rochtain ar lárionaid sonraí agus ar an néalacmhainneacht san Aontas a fheabhsú agus timpeallacht néalríomhaireachta níos éagsúla agus níos iomaíche a chothú, lena n-áirítear do FBManna mar úsáideoirí agus mar sholáthraithe araon. Sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ go mbeadh critéir choiteanna ann le haghaidh néalseirbhísí ceannasacha, lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar thrédhearcacht an mhargaidh agus ar na rioscaí a bhaineann le spleáchais, lena n-áirítear éifeachtaí seach-chríochacha na reachtaíochta arna glacadh ag tríú tíortha i gcásanna úsáide an-chriticiúil.

## VI. Na chéad chéimeanna eile

30. MOLANN SÍ don Choimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar cé acu a léiríonn nó nach léiríonn cuid de na spriocanna atá ann cheana maidir le Clár Beartais don Deacáid Dhigiteach na réaltachtaí teicneolaíocha, geopholaitiúla nó margaidh — mar shampla maidir le himeallnóid — agus an bhféadfaí iad a choigeartú, a tharraingt siar nó spriocanna nua a chur ina n-ionad, de réir an stiúrtha pholaitiúil a thugtar sna Conclúidí seo ón gComhairle, agus a n-ábharthacht beartais, indéantacht a bhfaireacháin, infhaighteacht sonraí agus an t-ualach riaracháin foriomlán á gcur san áireamh. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart aon spriocanna nua nó athbhreithnithe a bheith bunaithe ar dhearcadh an úsáideora agus ar neodracht na teicneolaíochta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart go mbeadh na spriocanna nithiúil agus go bhféadfaí iad a chur chun feidhme ar bhealach simplí, éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus trédhearcach.

31. Thairis sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint dá chlár oibre uaillmhianach chun an *acquis* digiteach a shimpliú, agus a áirithiú ag an am céanna go mbeidh an reachtaíocht nua uile (lena n-áirítear gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe) simplí, soiléir, comhréireach, intuartha agus digiteach mar réamhshocrú.

32. TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an bplé leanúnach sa Chomhairle agus sa Bhord um an Deacáid Dhigiteach maidir le hiomaíochas digiteach an Aontais a neartú, faoi chuimsiú na Deacáide Digití agus ina dhiaidh sin.